

Téama 5: Ceacht 1

Parabal on tSamáraigh Mhaith (Lúcás 10:30-35)

D'inis Íosa an scéal seo: 'Bhí fear ag dul síos ó Iarúsailéim go hIreachó, agus tharla i measc robáilthe é a rinne é lomradh agus é leadradh agus é a fhágáil ina ndiaidh leathmharbh. Ach..., bhí sagart ag dul síos an bóthar sin, agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Mar an gcéanna do Léivíteach: ar theacht chun na háite agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Ach, Samárach a bhí ag gabháil an bóthar, tháinig sé mar a raibh sé, agus a fheiceáil dó, ghabh trua é, agus chuaigh sé anonn chuige agus chuir ceangal ar a chréachta, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu; chuir sé ar mhuin a bheithígh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. Agus lá arna mhárach, thóg sé amach dhá dhéanar agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, Íocfaidh mé leat é ag fillleadh dom'.

1. Cá raibh an fear ag dul nuair a rinne robálaithe ionsaí air?
2. Cérbh é an chéad duine nár chuidigh leis an bhfear gortaithe?
3. Cérbh é an dara duine nár chuidigh leis?
4. Luaigh trí bhealach ar chabhraigh an Samárach leis an bhfear?

Níor Scairt Aon Duine 'Stad'

Bhí a fhios ag cách nach raibh sé
cothrom,
Ach níor scairt aon duine 'Stad'.
Bhreahtnaigh daoine a mhalairt de
threo,
Gan tada a dhéanamh ná bheith ag
caint leo,
Ag súil go n-imeodh sé i bhfad,
Ach níor scairt aon duine 'Stad'.

Bhí a fhios ag cách nach raibh sé
cóir,
Ach níor sheas aon duine leo.
Tugadh aird go leor ar a gcuid fón
póca,

Ag labhairt i gcogar le focal
mhíshásta,
Ag siúl go tapa ar a sáimhín só,
Ach níor sheas aon duine leo.

Bhí a fhios ag cách nach raibh sé
ceart,
Ach d'imigh an slua go neamhairdiúil
thart.
Duine ar duine, d'imigh siad go tapa,
Gan aird a thabhairt orthu siúd ag
caoineadh.

Gan ama acu, ná spéis ná neart,
Agus d'imigh an slua go neamhairdiúil
thart.

Smaoinigh ar seo.....

1. An bhfuil an dán seo cosúil leis an scéal ó Soiscéal Naomh Lúcas ar an Samárach Maith? Conas?
2. Úsáidtear focal difriúil i ngach véarsa chun cur síos a dhéanamh ar an rud céanna. An féidir leat na trí fhocal sin a fháil.
3. Le linn na tréimhse seo de COVID 19 an bhféadfá cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a d'fhéadfá a bheith i do samaritan maith?